

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

- A dhearbhu gur mhainnigh Ríocht na hÍsiltíre na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar an mBallstát faoi Airteagail 45, 56 agus 63 CFAE trí fhorpheas agus coimeád i bhfeidhm na gceanglas maidir le haistrithe caipitil pinsin a leagtar amach in Airteagail 19a(1)(d) agus 19b(1) agus (2) de Wet op de Loonbelasting 1964 (An tAcht um Cháin ar Phá 1964), in Airteagal 40c den Uitvoeringsregeling Invorderingswet (Foraithne Cur Chun Feidhme an Achta um Chánacha a Bhailiú), in Airteagal 10d(3) den Uitvoeringsbesluit Loonbelasting 1965 (Foraithne Cur Chun Feidhme an Achta um Cháin ar Phá 1965) agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le besluit IV DGB2012/7010M inzake internationale aspecten van pensioenen (Cinneadh DGB2012/7010M maidir le gnéithe idirnáisiúnta na bpinsean) a fhorpheas agus a choimeád i bhfeidhm;
- a ordú do Ríocht na hÍsiltíre na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil reachtaíocht na hÍsiltíre i dtaobh ceanglais maidir le haistriú caipitil pinsin a fabhraíodh faoin “dara colún”, mar a thugtar air, ar pinsean forlíontach é a fhabhraítear tríd an bhfostóir, ar neamhréir le saorghluaiseacht oibrithe, sheirbhísí agus chaipitil. Cé go bhfuil feidhm ag na ceanglais seo maidir le haistrithe intíre agus maidir le haistrithe eachtracha, is fusa iad a chomhlíonadh ag soláthraithe pinsin intíre ná ag soláthraithe pinsin eachtracha ar mian leo seirbhísí pinsin a chur ar fáil ina mBallstát cónaithe d’fhostaithe atá ag obair ann a bhfuil caipiteal pinsin fabhraithe acu san Ísiltír cheana féin. Mura chomhlíontar ceanglais na reachtaíochta, cuirfidh na caipitil phinsin a fabhraíodh san Ísiltír san áireamh sa tobhach.

Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 11 Iúil 2022 – BM v LO

(Cás C-462/22)

(2022/C 359/59)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Bundesgerichtshof

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Achomharcóir ar phointe dlí: BM

Cosantóir san achomharc ar phointe dlí: LO

An cheist a tharchuirtear

An dtosaíonn an tréimhse cháilitheach bliana nó sé mhí faoin gcúigiú agus faoin séú fleasc d’Airteagal 3(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ⁽¹⁾ don iarratasóir le bunú a ghnátháite cónaithe i mBallstát na cúirte a dtugtar an cás os a comhair nó an leor é, ag tús na tréimhse cáilithe ábhartha, go bhfuil áit chónaithe, agus sin amháin, ag an iarratasóir i Stát na cúirte a dtugtar an cás os a comhair agus go ndaingníonn sé a ghnátháit chónaithe ina dhiaidh sin, le linn na tréimhse sula ndéantar an t-iarratas?

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 November 2003 maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus le freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000 (IO 2003 L 338, lch. 1).